the arts council
an chomhairle ealaíon

awards
dámhachtainí

A guide for individuals and organisations to Arts Council bursaries, awards and schemes

Treoir do dhaoine aonair agus eagrais i dtaobh sparánachtaí, duaiseanna agus scéimeanna na Comhairle Ealaíon

03

Closing Dates **2003**

Cnuais	On-going
Travel awards	On-going
Professional development and training awards - strand two (informal short courses, internships, mentoring etc.)	On-going
Loans from the Arts Council's collection	On-going
Artist-in-the-community scheme	31 January, 20 June
Small arts festivals awards	14 February
Bursaries	21 February
Title-by-title scheme	21 February, 5 September
Banff residencies	28 February
Skidmore jazz award	28 February
PS1 Fellowship, New York	28 February
Residencies	7 March
Music publication and recording scheme	7 March
Joint purchase scheme in visual art	7 March, 5 September
International directing mentoring scheme	14 March
Bursary in contemporary visual arts curation	21 March
George Campbell award	21 March
Mary Farl Powers award for printmakers Professional development and training award	21 March
Commissions	11 April (for commissions taking place in 2003) 28 November (for commissions taking place in 2004)
Exhibition assistance scheme in architecture	25 April
Publications assistance scheme in architecture	25 April
Dance publications assistance scheme	25 April
Exhibition assistance scheme in visual arts	25 April
Critical reflection award	25 April
Authors' royalty scheme	25 April
Professional development and training award - strand one (formal and postgraduate courses, commencing in September/October 2003)	2 May
Publications assistance scheme in visual art	9 May
Lar Cassidy award	16 May
Projects (to take place in 2004)	15 August
Writers-in-prisons scheme	Department of Justice, Equality and Law Reform
Writers-in-the-community scheme	Irish Writers' Centre
Writers-in-schools scheme	Poetry Ireland
Visual-artists-in-prison scheme	Department of Justice, Equality and Law Reform
Frameworks awards	Bord Scannán na hÉireann/Irish Film Board

Awards
Dámhachtainí

The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon
ISBN: 1-904291-03-1

2003

the arts council an chomhairle ealaíon

contents

Introduction
About the Arts Council 04
Awards 2003 06
Essential information
How to apply 10
Checklist for applications 14
How applications are assessed
Procedures 22
Criteria 26
Exclusions 30
Conditions applying to all awards 32

Awards
General awards [section **1**]
Cnuais 38
Bursaries 38
Travel and mobility awards 40
Professional development and training awards 42
Critical reflection awards 44
Residencies 44
Banff residencies 46
Projects 46
Commissions 48
Small arts festivals awards 48

Artform awards [section **2**]
Awards specific to particular artforms
Arts in contexts 52
Architecture 56
Dance 58
Drama 60
Film, video and animation 62
Literature 64
Music and opera 66
Visual arts 68

Closing dates 2003 inside front cover

an clár

Réamhrá
Mar gheall ar an gComhairle Ealaíon 05
Dámhachtainí 2003 07
Faisnéis riachtanach
Conas iarratas a dhéanamh 11
Seicliosta le haghaidh iarratas 15
Conas a dhéantar iarratais a mheasúnú
Nósanna imeachta 23
Critéir 27
Eisceachtaí 31
Coinníollacha a bhaineann le gach dámhachtain 33

Dámhachtainí
Dámhachtainí ginearálta [cuid **1**]
Cnuais 39
Sparánachtaí 39
Taisteal agus soghluaisteacht 41
Dámhachtainí forbartha agus oiliúna gairmiúla 43
Dámhachtainí machnaimh chritice 45
Cónaitheachtaí 45
Cónaitheachtaí Banff 47
Tionscadail 47
Coimisiúin 49
Dámhachtainí na bhféilte Ealaíne Beaga 49

Áirithe ealaíne [cuid **2**]
Dámhachtainí le haghaidh cineálacha áirithe ealaíne
Ealaíona i gcomhthéacsanna 53
Ailtireacht 57
Rince 59
Drámaíocht 61
Scannáin, físeáin agus beochan 63
Litríocht 65
Ceol agus ceoldrámaíocht 67
Físealaíona 69

Dátaí dúnta 2003 clúdach ar chúl

The Arts Council

The Arts Council, the development agency for the arts in Ireland, exists to promote and support the arts. Our core functions are to support the creation and dissemination of the work of Irish artists in all disciplines, and to promote public access to, and participation in, the contemporary arts.

As an autonomous state agency, the Council independently determines the allocation of the grant-in-aid it receives annually from the Government, within the framework of Government arts policy and of its own published policies and plans.

The chairperson and 16 members of the Arts Council are appointed by the Government for a period of not more than five years. The work of this voluntary Council is supported by a Director and a staff of approximately 32. The full Council normally meets 10 -12 times a year, while specialist committees meet more often.

Grant-giving is a large part of the Council's business, but it is not its sole function. It also advises the Government on arts matters, commissions and publishes research and information, organises direct initiatives and promotions, and maintains partnerships with other agencies and bodies.

An Chomhairle Ealaíon

Tá an Chomhairle Ealaíon, an ghníomhaireacht forbartha le haghaidh na n-ealaíon in Éirinn, ann chun na healaíona a chur chun cinn agus tacú leo. Is iad na bunfheidhmeanna atá againn ná tacú le cruthú agus imdháileadh saothar de chuid ealaíontóirí Éireannacha i ngach disciplín, agus rochtain phoiblí ar na healaíona comhaimseartha agus rannpháirtíocht phoiblí iontu a chur chun cinn.

Mar ghníomhaireacht neamhspleách stáit, déanann an Chomhairle cinneadh neamhspleách ar leithroinnt na ndeontas-i-gcabhair a fhaigheann sí in aghaidh na bliana ón Rialtas, laistigh de chreat bheartas ealaíon an Rialtais agus de chreat na mbeartas agus bpleananna dá cuid féin atá foilsithe.

Ceapann an Rialtas cathaoirleach na Comhairle Ealaíon agus na 16 chomhalta atá uirthi go ceann tréimhse nach mó ná cúig bliana. Tacaíonn Stiúrthóir, agus foireann de 32 (timpeall air), le hobair na Comhairle saorálaí seo. Is gnách go gcruinníonn an Chomhairle iomlán idir deich n-uaire nó dhá uair déag in aghaidh na bliana, agus cruinníonn sainchoistí níos minice ná sin.

Cuid mhór d'obair na Comhairle is ea bronnadh deontas, ach ní hé sin an t-aon chúram atá uirthi. Cuireann sí comhairle ar an Rialtas maidir le nithe a bhaineann leis na healaíona, déanann coimisiúnú ar thaighde agus faisnéis agus foilsíonn iad, eagraíonn tionscnaimh dhíreacha agus feachtais chur chun cinn, agus tá comhpháirtíochtaí aici le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile.

Awards 2003

The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon

This guide is for both individuals and organisations seeking Arts Council awards. The Council embraces the principle of equal access to public funds, and assesses all applications regardless of gender, race or disability.

The Arts Council is now in the second year of its third Arts Plan 2002-2006. One of the six objectives of this plan is to "make an arts career a realistic ambition for excellent and innovative artists". To achieve this objective, the Council's awards system seeks to respond to the real needs of artists and to provide a flexible instrument for the Council to encourage innovation, research and artistic experiment.

As part of the Arts Council's on-going development as an agency for developing the arts in Ireland, a new awards system was piloted in 2001 and 2002. This new awards system is due for completion during 2003 and 2004. Features of the new awards programmes include broader eligibility criteria, new artform combinations, and greater flexibility for new arts practices and artists working together. We believe that this system of direct support for artists will offer increased opportunities for a greater number of artists and performers.

As part of this new awards programmes, the Arts Council is moving towards a system of general awards open to artists in all disciplines, and away from an earlier system where awards were linked to particular artforms. Reflecting this transition, the guide details both types of award: section 1 deals with general awards and section 2 with awards restricted to particular artforms. You will need to check through both sections of the guide to get a complete picture of what is available to you.

Dámhachtainí 2003

An Chomhairle Ealaíon/The Arts Council

Is le haghaidh daoine aonair agus eagraíochtaí, ar mian leo dámhachtainí de chuid na Comhairle Ealaíon a fháil, an treoir seo. Is é prionsabal na Comhairle ná rochtain cothrom a thabhairt ar na cistí poiblí, agus meastar gach iarratas gan tagairt do inscne, chine nó mhíchumas.

Tá an Chomhairle Ealaíon anois sa dara bhliain dá tríú Plean Ealaíon 2002-2006. Ceann amháin dena sé chuspóirí atá sa phlean ná "rogha réalaíoch a dhéanamh de ghairm sna healaíona d'ealaíontóirí nuálaíocha den scoth". Chun an aidhm seo a bhaint amach, tá córas na ndámhachtainí sa Chomhairle ag iarraidh na fíor-riachtanais atá ag ealaíontóirí a fhreagairt agus a bheith ina ghléas solúbtha don Chomhairle chun nuáil, taighde agus turgnamh ealaíonta a spreagadh. Mar chuid d'fhorbairt na Comhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht fhorbartha na n-ealaíon in Éirinn, cuireadh córas nua dámhachtainí ar bun sna blianta 2001 agus 2002. Cuirfear críoch leis an gcóras nua seo le linn 2003 agus 2004.

Gnéithe faoi leith atá ag na cláir nua de dhámhachtainí ná critéir roghnaitheachta níos leithne, comhcheangail nua cineáil ealaíne, agus solúbthacht níos mó le haghaidh cleachtas nua ealaíne agus ealaíontóirí atá ag obair le chéile. Is dóigh linn go mbeidh deiseanna níos fearr ar fáil do líon níos mó ealaíontóirí agus oirfideach de bharr an chórais nua tacaíochta dírí a bheidh ann. Mar chuid den chóras nua seo, tá an Chomhairle Ealaíon ag claochlú, í ag bogadh i dtreo córais dámhachtainí ginearálta a bheidh ar oscailt d'ealaíontóirí i ngach disciplín, agus ag imeacht ón seanchóras ina raibh dámhachtainí nasctha le cineálacha áirithe ealaíne.

Honorary awards: Macaulay Fellowship and Marten Toonder Award

This year for the first time, two awards will be made directly to artists selected by the Arts Council. In 2003, the Macaulay Fellowship, established by W.B. Macaulay in honour of President Sean T. O'Kelly to further the liberal education of young creative artists, will be awarded to a visual artist; and the Marten Toonder Award, which honours established artists in music, literature and visual art, will be awarded to a composer. The selection and award process is being piloted in 2003 and further details will be made available later in the year.

Léiriú ar an gclaochlú sin is ea an treoir seo ina bhfuil mionsonraí faoin dá chineál dámhachtana: pléitear i roinn 1 le dámhachtainí ginearálta agus i roinn 2 le dámhachtainí atá teoranta do chineálacha áirithe ealaíne. Beidh ort féachaint ar an dá chuid sa treoir chun tuiscint iomlán a fháil ar a bhfuil ar fáil duit.

Dámhachtainí oinigh: Comhaltas Macaulay agus Dámhachtain Marten Toonder

Don chéad uair sa bhliain seo, tugtar dhá dhámhachtainí go díreach do h-ealaíontóirí roghnaithe ag an gComhairle Ealaíon. Sa bhliain 2003, is ar fhísealaíontóir a bhronnfar Comhaltas Macaulay, bunaithe ag W.B. Macaulay in onóir don Uachtarán Seán T. Ó Ceallaigh chun cur le hoideachas liobrálach ealaíontóirí óga cruthaitheacha; agus is ar chumadóir a bhronnfar Dámhachtain Marten Toonder, a thugann gradam d'ealaíontóirí sa cheol, sa litríocht agus sna físealaíona. Tá triail á baint as an bpróiseas roghnóireachta agus dámhachtana sa bhliain 2003 agus beidh mionsonraí breise ar fáil níos faide ar aghaidh sa bhliain.

essential information

How to apply

Every application should have three elements:

1 Basic information
about **you** and **your project**
[set out on the Council's application form]

2 More information
about your **idea** or **project proposal**

3 More information
about **you** or **your organisation**
(e.g., for individuals this should include an up-to-date CV and an example of your work; for organisations an organisational history and outline of your work programme would suffice)

fáisnéis riachtanach

Conas iarratas a dhéanamh

Ba chóir trí mhír a bheith i ngach iarratas:

1 Bunfhaisnéis
fút féin agus do **thionscadal** [leagtha amach ar fhoirm iarratais na Comhairle]

2 Tuilleadh faisnéise
fút féin nó faoin **togra** atá agat

3 Tuilleadh faisnéise
fút féin nó faoi **d'eagraíocht**
(m.sh., ba cheart do dhaoine aonair CV suas-chun-dáta agus sampla de do shaothar a chur san áireamh; i gcás eagraíochtaí, is leor stair na h-eagraíochta agus imlíne den chlár oibre)

The application form provides a standard baseline of information, giving us a "snapshot" of your proposal and helping us to store data. The supporting evidence helps you to make your case more strongly.

To give the evaluators a comprehensive picture of what you would like to do, you need to describe the activity for which you seek funding. The description should include the vision for your project and the concrete activities you will be undertaking, a timetable, personnel involved (CVs), income and expenditure information indicating clearly what funding you require and in some cases marketing and evaluation plans.

You must address the general criteria along with the specific criteria and priorities for the scheme to which you are applying.

Please see the relevant award section in this booklet, and the accompanying information sheets (available on request from the Arts Council).

Cuirtear bunús éigin faisnéise ar fáil leis an bhfoirm iarratais, rud a thugann pictiúr dúinn den togra agaibh agus a chuidíonn linn sonraí a stóráil. Cuidíonn an fhianaise thacúil leat do chás a dhéanamh ar bhealach níos láidre.

Chun tuairim chuimsitheach a thabhairt do na measúnóirí ar a bhfuil uait a dhéanamh, ní mór duit cur síos a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a bhfuil maoiniú á lorg agat ina leith. Ar na nithe ba chóir a bheith san áireamh sa chur síos sin, tá an fhís atá agat le haghaidh an tionscadail agus na gníomhaíochtaí nithiúla a bheidh ar siúl agat, clár ama, an fhoireann a bheidh i gceist (CVnna), faisnéis ioncaim agus caiteachais lena léireofar go soiléir cad é an maoiniú a bheidh uait agus, i gcásanna áirithe, pleananna margaíochta agus measúnachta.

Ina theannta sin, beidh ort cuimhneamh ar na critéir ghinearálta, ar na critéir shonracha agus ar na tosaíochtaí le haghaidh na scéime a bhfuil iarratas a dhéanamh agat fúithi.

Féach an roinn dámhachtainí chuí sa leabhar seo agus na bileoga faisnéise chun tuilleadh faisnéise a fháil (ar fáil ón gComhairle Ealaíon ach í a iarraidh).

checklist for applications

1 Check your application form is for 2003 and eligible for, or appropriate to, the particular award that you wish to apply for.

2 Read the conditions on the information sheets and in this brochure to make sure you are eligible for the award.

3 Complete every section of the form.

4 All applications received by the Council are acknowledged in writing. It is your responsibility to advise the Council if no acknowledgement is received within 10 – 15 working days (2 – 3 weeks) following the relevant closing date. Depending on the numbers of applications for any one award, the response time may take a little longer.

5 Complete the application form personally, unless assistance is required in the case of minors or people with disabilities. By signing the form, you undertake to have read and to be bound by the conditions attached to it.

6 Do not, under any circumstances, send unique irreplaceable material or representations of manuscripts. The Council will not be responsible for any such material.

7 Ensure that everything you send is clearly labelled with your name, and contact details. If you are applying online; you must include your application and Art Reference Number (ARN). Your application must also be accompanied by a list of what is enclosed – this is professional, it helps assessors when reviewing your work and ensures safe return of material. Please address your application correctly, stating the name of the award, and artform department (i.e. Music department).

seicliosta le haghaidh iarratas

1 Bí cinnte gur le haghaidh na bliana 2003 atá an fhoirm iarratais atá agat agus go bhfuil sí incháilithe, nó oiriúnach, don dámhachtain áirithe atá i gceist agat.

2 Léigh na coinníollacha ar na bileoga faisnéise agus sa bhróisiúr seo chun a bheith cinnte go bhfuil tú cáilithe le haghaidh na dámhachtana.

3 Is cóir gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

4 Admhaítear i scríbhinn gach iarratas a fhaigheann an Chomhairle. Tá an fhreagracht ort a chur i bhfios don Chomhairle muna bhfaigheann tú admháil taobh istigh de 10 – 15 lá oibre (2 – 3 sheachtain) i ndiaidh an dáta deiridh chuí. D'fhéadfadh an fhreagra a bheith beagán níos moille ag brath ar líon na n-iarratas a fhaightear d'aon dhámhachtain amháin.

5 Comhlánaigh an fhoirm iarratais tú féin, ach amháin go bhfuil cúnamh ag teastáil i gcás mionúr nó daoine míchumasacha. Nuair a shíníonn tú an fhoirm, tá tú ag dearbhú go bhfuil na coinníollacha a ghabhann léi léite agat agus go bhfuil siad ina gceangal ort.

6 In imthosca ar bith, ná cuir isteach ábhar ná léirithe de lámhscríbhinní atá uathúil agus nach féidir athsholáthar a dhéanamh orthu. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as ábhar den sórt sin.

7 Bí cinnte go bhfuil lipéad soiléir, ar a bhfuil d'ainm agus do chuid sonraí teagmhála, ar gach rud a chuireann tú isteach chugainn. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar-líne, ní mór duit an uimhir iarratais/thagartha ealaíne

8 Late applications or supporting documentation /information

Please note that the Council must receive your complete application by the published closing time and date. No applications or supporting documentation will be accepted after the specified closing time and date. Only supporting material that is new and was not available for inclusion at the time of the closing date (i.e., confirmation of acceptance onto a course) can be accepted.

General tips

- Read all questions thoroughly before you answer them.
- Remember that several people will be involved in the decision-making — so make your application clear, concise, unambiguous and easy to handle.
- Be selective with material submitted. It is better to submit less than to include work you do not consider to be your best.
- Remember that you are trying to persuade assessors why your proposal should be funded.
- Get someone else to look over your application before you send it in.
- Invest (as much as you can afford) in good examples and reproductions of your work (CDs, slides etc.).
- Have a clear and realistic idea of what you want and how much your proposal costs.
- Plan your applications well in advance.
- Keep a copy of your application for reference purposes.
- Don't assume the panel of assessors knows you or your work; treat each application as if it were your first.

atá agat a luadh. Ní mór liosta a bheith ag gabháil le d'iarratas ar a luafar gach rud atá á chur isteach. Tá sé seo proifisiúnta, cabhraíonn sé lena meastóirí agus iad ag déanamh athbhreithnithe ar do shaothar agus cinntíonn sé go gcuirfear na hábhair ar fad slán ar ais duit. Bí cinnte go gcuireann tú an seoladh ceart ar an iarratas, ag luadh ainm an dámhachtana agus roinn na foirm ealaíne lena mbaineann sé (m. sh. An Roinn Ceoil).

8 Iarratais nó ábhar/eolas tacaíochta atá déanach

Nótáigh go gcaithfidh d'iarratas iomlán a bheith faighte ag an gComhairle roimh an am agus an dáta dúnta a bheidh foilsithe. Ní ghlacfar le haon iarratas ná ábhar tacaíochta tar éis an ama agus an dáta dúnta a bheidh sonraithe. Ní féidir glacadh ach le hábhar tacaíochta atá nua agus nach raibh ar fáil ag am an sprioc-dháta (m.sh. dearbhú go bhfuil glactha leat ar chúrsa).

Leideanna ginearálta

- Léigh na ceisteanna uile go cúramach sula bhfreagraíonn tú iad.
- Cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine páirteach sa chinnteoireacht. Mar sin, bíodh d'iarratas soiléir, gonta, aonbhríoch agus furasta le láimhseáil.
- Bí roghnach leis an ábhar a chuireann tú isteach. Is fearr beagán a chur isteach ná saothar a chur isteach nach dóigh leat é a bheith ina shampla den obair is fearr atá déanta agat.
- Cuimhnigh go bhfuil tú ag déanamh iarrachta a chur ina luí ar na meastóirí cén fáth go mba cheart dóibh maoiniú a thabhairt don togra atá agat.
- Iarr ar dhuine eile súil a chaitheamh ar d'iarratas sula gcuireann tú isteach é.
- Infheistigh (an méid gur acmhainn duit) i samplaí agus macasamhla maithe de do shaothair (dlúthdhioscanna, sleamhnáin, srl.).
- Bíodh tuairim soiléir réadúil agat den rud atá uait agus den chostas a bheadh ar do thogra.

Application form/common mistakes

- No application form.
- Incomplete budget or insufficient breakdown of costs in the budget.
- Blank sections – if a question is not appropriate to you it should be marked 'n/a'.

Supporting documentation/common mistakes

- No examples of your own work (e.g., CDs, videos, slides).
- Poor examples of your work.
- Badly photographed work (particularly installations).
- No slide list (visual artists and architects) – this can lead to confusion over dimensions, media and context.
- Too much information (e.g., reviews, catalogues). Be selective with what you submit!
- Not enough information; assessors will have no basis on which to make a recommendation.
- Examples of old work; assessors are interested in the work you are currently making.

Applications should be completed as outlined above and, unless otherwise stated, sent to:

The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon,
70 Merrion Square, Dublin 2.
Tel (01) 6180200/callsave 1850 392492.
Fax (01), 6761302/6610349.

All queries should be directed to the Arts Council (contact details above).

- Pleanáil d'iarratais fada go leor roimh ré.
- Coinnigh cóip den iarratas ionas gur féidir leat tagairt a dhéanamh dó.
- Ná glac leis go bhfuil aithne ag painéal na meastóirí ort féin nó ar do shaothar; caith le gach iarratas amhail is dá mbeifeá á dhéanamh don chéad uair.

An fhoirm iarratais/botúin choitianta

- Gan foirm iarratais a bheith ann.
- Buiséad gan a bheith iomlán nó cur síos easnamhach ar na costais sa bhuiséad.
- Ranna folmha – muna mbaineann ceist faoi leith leat, ba cheart í a mharcáil "ní bhaineann".

Ábhar tacaíochta/botúin choitianta

- Gan samplaí de do shaothair féin a bheith ann (m.sh. dlúthdhioscanna, fís-téipeanna, sleamhnáin).
- Droch-shamplaí de do shaothar.
- Saothar a bhfuil droch-ghrianghrafanna tógtha de (go háirithe suiteálaigh).
- Gan liosta a thabhairt dena sleamhnáin (físealaíontóirí agus ailtirí) – cothaíonn sé seo neamhchinnteacht maidir le toisí, meáin agus comhthéacs.
- An iomarca faisnéise (m. sh. léirmheastaí, catalóga). Bí roghnach leis an méid a chuireann tú isteach!
- Easpa faisnéise; ní bheidh aon bhunús ag na meastóirí dá gcinneadh.
- Samplaí de shean-shaothar; tá suim ag na meastóirí san obair atá ar siúl agat faoi láthair.

Ba cheart iarratais a chomhlánú mar a léirítear thuas agus, muna ndeirtear a mhalairt, a chur chuig :
An Chomhairle Ealaíon,
70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Guthán: (01) 6180200/callsave 1850 392492.
Fax (01), 6761302/6610349.

Ba cheart aon cheist a chur chuig an Chomhairle Ealaíon (sonraí teagmhála thuas).

how applications are assessed

conas a dhéantar iarratais a mheasúnú

procedures

The Council considers all applications for awards, makes decisions and communicates these to applicants in accordance with set procedures. The aim is to ensure that the system for making awards is fair and equitable.

The process is as follows:

- A written application is received on or before the relevant closing date and time.

- We acknowledge the application, and may put questions or make further information requirements (above what was originally asked for). Additional material supplied after the closing date and time (unless requested by the Council) is not accepted. We disregard any representations made by or on behalf of a candidate (with or without the candidate's permission).

- The application is scheduled for discussion at the next competitive assessment date for the awards in question. Details of the application are included in the briefing materials for the assessment panel, prepared by the relevant specialist officer.

- Applications for awards in each category are considered at an assessment panel made up of at least three external adjudicators and a Council member as non-voting chair.

- In some cases, applications are shortlisted or recommended by either the specialist officer or relevant experts. The complete list of applicants, regardless of eligibility or shortlisting, is available on the assessment day.

nósanna imeachta

Déanann an Chomhairle gach iarratas ar dhámhachtainí a bhreithniú, déanann cinntí orthu agus cuireann na cinntí sin in iúl do na hiarratasóirí de réir nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an cuspóir atá ann ná a áirithiú go bhfuil an córas atá ann chun dámhachtainí a thabhairt cóir agus cothrom.

Seo a leanas an nós imeachta atá i gceist:

- Faightear iarratas scríofa nó ar-líne ar an am/dáta deiridh cuí nó roimhe sin.

- Admhaímidne an t-iarratas agus is féidir linn ceisteanna a chur nó ceanglais bhreise maidir le faisnéis a leagan síos (sa bhreis ar an méid a lorgaíodh i dtosach). Ní ghlactar le faisnéis bhreise a thugtar tar éis an ama agus an dáta dúnta (mura n-iarrann an Chomhairle í). Ní thugaimid aon aird ar uiríll a dhéanann iarratasóir nó a dhéantar ar son iarratasóra (le cead an iarratasóra nó gan é).

- Cuirtear an t-iarratas síos le plé ar an gcéad dáta measúnaithe iomaíoch eile le haghaidh na ndámhachtainí atá i gceist. Cuirtear mionsonraí an iarratais san áireamh sna hábhair faisnéise le haghaidh na meithle measúnaithe, arna n-ullmhú ag an sainoifigeach cuí.

- Déantar gach iarratas ar dhámhachtain a bhreithniú ag meitheal measúnaithe ar a mbíonn, de ghnáth, triúr moltóirí seachtracha ar a laghad agus comhalta den Chomhairle mar chathaoirleach gan vóta.

- The assessment panel can make recommendations on the allocation of awards and the Council will consider and decide on these recommendations. The Council's staff then implements these decisions.

- Applicants are informed of the decision following the Council meeting, normally within 6 to 10 working weeks of the closing date for the award. The letter of offer outlines the standard conditions of award acceptance. Recipients must accept the offer in writing and provide an RSI number if the award is over €634.

- Materials submitted in support of applications are returned with the letter of notification of the Council's decision.

- Normally, the award is paid in instalments and each payment requires a written request. Those receiving over €6,348 must present a Tax Clearance certificate from the Revenue Commissioners.

- We do not release details about grant decisions over the telephone.

- I roinnt cásanna, déanann an sainoifigeach nó saineolaithe cuí na hiarratais a chur ar ghearrliosta. Bíonn an liosta iomlán d'iarratasóirí, gan beann ar incháilitheacht ná gearrliostú, ar fáil, lá an mheasúnaithe.

- Is féidir leis an meitheal measúnaithe moltaí a dhéanamh maidir le leithroinnt na ndámhachtainí agus déanfaidh an Chomhairle na moltaí sin a bhreithniú agus a chinneadh. Cuireann foireann na Comhairle na cinntí sin i bhfeidhm ansin.

- Cuirtear na hiarratasóirí ar an eolas faoin gcinneadh tar éis chruinniú na Comhairle, idir sé nó deich seachtaine oibre tar éis an dáta dúnta le haghaidh na dámhachtana. Leagtar amach sa litir na gnáth-choinníollacha a bhaineann leis an dámhachtain a ghlacadh. Ní mór d'iarratasóirí glacadh leis an tairiscint i scríbhinn agus uimhir IÁS a sholáthar más mó ná €634 an dámhachtain atá i gceist.

- Cuirtear thar n-ais an t-ábhar a cuireadh isteach leis an iarratas le litir á chur in iúl cad é cinneadh na Comhairle.

- Is gnách go n-íoctar an dámhachtain i dtráthchodanna agus bíonn iarratas scríofa ag teastáil le haghaidh gach íocaíochta. Ní mór dóibh siúd a bheidh ag fáil suim is mó ná €6,348 Deimhniú Imréitigh Chánach ó na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar.

- Ní scaoiltear amach mionsonraí i dtaobh cinntí faoi dhámhachtainí ar an nguthán.

criteria

All awards are made in the context of

- **competitive assessment**
- **the purpose of the award**
- **the Arts Council's objectives and priorities, and**
- **available resources**

The general criteria for assessment given below should be read in conjunction with specific criteria contained in the award information sheets.

Individuals:
The purpose of awards and bursaries to individuals is to support artists – whether creative or interpretative – in their professional formation, or in the making of new work.

Professional artists Unless stated otherwise, individual applicants applying for awards must be practising professional artists or arts workers. Although they may not necessarily earn income from their arts practice, they must identify themselves and be recognised by their peers as practising artists.

The criteria for assessment vary from one arts discipline to another. However, unless otherwise stated, the core criteria of all individual awards are:

- Your track record as an artist – evidence of having produced a body of work of recognised quality and significance. For those individuals with less experience, assessors will look for demonstrated potential.
- Evidence that the award will benefit you artistically
- The overall quality of the proposal or the ideas presented in the application, when judged on its own merits and in relation to other applications being assessed.
- The financial feasibility of your project/proposal citing any support that you are currently seeking and/or have obtained.
- The likelihood that an award will achieve the desired effect.

critéir

Tugtar na dámhachtainí uile i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:

- **measúnú iomaíoch**
- **an cuspóir a bhaineann leis an dámhachtain**
- **tosaíochtaí agus cuspóirí na Comhairle Ealaíon, agus**
- **na hacmhainní atá ar fáil.**

Is cóir na critéir ghinearálta le haghaidh measúnú a thugtar thíos a léamh i dteannta critéar sonrach atá le fáil sna bileoga faisnéise do na dámhachtainí.

Daoine aonair:
Is é an cuspóir atá laistiar de na dámhachtainí agus na sparántachtaí do dhaoine aonair ná tacú le healaíontóirí - bídís cruthaitheach nó léiritheach - ina bhforbairt ghairmiúil nó i gcruthú saothar nua.

Ealaíontóirí gairmiúla Mura ndeirtear a mhalairt, ní mór d'iarratasóirí aonair a bheidh ag cur iarratas isteach ar dhámhachtainí a bheith ina n-ealaíontóirí cleachtaitheacha nó ina n-oibrithe ealaíne. Cé go mb'fhéidir nach mbeidh ioncam á thuilleamh acu as an gcleachtas ealaíne atá ar siúl acu, ní mór dóibh a bheith aitheanta acu féin ag a gcomh-ealaíontóirí mar ealaíontóirí cleachtaitheacha.

Ní hionann na critéir ó dhisiplín ealaíne go chéile. Is iad na bunchritéir le haghaidh na ndámhachtainí uile do dhaoine aonair, áfach, ná na cinn seo a leanas, mura ndeirtear a mhalairt:

- A bhfuil déanta agat mar ealaíontoir - fianaise gur táirgeadh corp saothair de cháilíocht agus de thábhacht aitheanta. I gcás daoine aonair, nach bhfuil an méid sin taithí acu, beidh na meastóirí ag tnúth le cumas léirithe.
- Fianaise go bhfaighfidh tú buntáiste ealaíonta ón ndámhachtain.
- Fiúntas an togra/na smaointe a cuireadh ar aghaidh san

Organisations:

The purpose of awards to organisations is to support the participation of artists in the collective making of new work or to support professionals in presenting the work of artists or performers.

In addition to specific criteria set out on the relevant information sheets, the Council looks for:

- The quality of idea as an imaginative approach to making and/or experiencing art.
- The financial feasibility of project/proposal, citing any support that you are currently seeking and/or have obtained.
- The organisational capacity to carry out your proposal, your clarity of purpose and planned impact of proposed proposal.
- Clarity as to who the intended audience will be. The Council will consider projects both with a public dimension and those which are mainly 'laboratory' in approach. The proposal should indicate that this issue has been considered.
- The track record and/or potential of applicant(s) and, if appropriate, of the organisation.

Other aspects taken into account are the extent to which the proposal fits the scope and purpose of the award, current Arts Plan priorities and the extent to which funding will help the development of the applicant's work.

iarratas, iontu féin agus i dtaca leis na hiarratais eile a bheidh sa mheá.

- An fhéidearthacht airgeadais atá ag an togra, ag luadh aon tacaíocht eile atá á lorg agat nó atá faighte agat go dtí seo.
- An dóchúlacht go n-éireoidh leis an dámhachtain an sprioc atá i gceist a bhaint amach.

Eagraíochtaí:

Is é cuspóir na ndámhachtainí a thugtar d'eagraíochtaí ná tacú le rannpháirtíocht ealaíontóirí i ndéanamh oibre nua go tiomsaitheach nó tacú le daoine gairmiúla saothar ealaíontóirí nó oirfeadach a léiriú.

I dteannta na gcritéar sonrach atá leagtha amach ar na bileoga faisnéise iomchuí, lorgaíonn an Chomhairle:

- Fiúntas an smaoinimh atá i dtogra na heagraíochta mar chur chuige samhlaíoch maidir le cruthú agus/nó blaiseadh ealaíne.
- An indéantacht airgeadais atá ag an tionscadal/togra, ag luadh aon tacaíochta atá á lorg faoi láthair nó atá faighte cheana.
- Cumas na heagraíochta an togra a sheachaid nó a chur i bhfeidhm, soiléire cuspóra agus toradh pleanáilte an tionscadail/togra atá beartaithe.
- Soiléire i ndáil leis an lucht féachana/éisteachta atá i gceist. Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar thionscadail a bhfuil gné phoiblí ag baint leo agus tionscadail a bhfuil gné na 'saotharlainne' ag baint leo go príomha. Ba chóir a thaispeáint san iarratas go bhfuil breithniú déanta ar an gceist sin.
- A bhfuil bainte amach ag na hiarratasóirí agus/nó an gealladh atá fúthu agus, más cuí, an fhaisnéis chéanna faoin eagraíocht.

Gnéithe eile a chuirtear san áireamh is ea a mhéid a dtagann an togra le raon agus cuspóir na dámhachtana, le tosaíochtaí reatha an Phlean Ealaíon agus a mhéid a chuideoidh maoiniú le forbairt shaothar an iarratasóra.

exclusions

The Arts Council will not normally fund:

- activities that diverge from its policies or funding criteria;
- projects that have already taken place;
- charity fund-raising events, or those that are primarily competitive in nature;
- projects or activities that are primarily profit-making;
- applications/proposals that have already been assessed by the Arts Council.

Your application will be considered not eligible, and returned to you, if:

- you do not meet the eligibility criteria for assessment for the award to which you are applying;
- you did not include with your application all the support material specified;
- you requested funding for activities that have already occurred or will be completed before the closing date;
- your application or supporting documentation is late, this means an application that arrives after both the closing date and time (where stated);
- you have applied by sending an emailed application. (Certain applications can be made on the Council's website, **www.artscouncil.ie** but not by email).

Because of the competitive nature of the awards and the large number of applicants, it is not possible to make an award to all eligible applicants. Eligibility and compliance with criteria for assessment alone do not guarantee receipt of an award.

eisceachtaí

Ní gnách don Chomhairle Ealaíon maoiniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- gníomhaíochtaí nach dtagann lena mbeartais nó a gcritéir maoinithe;
- tionscadail atá thart cheana féin;
- imeachtaí maoinithe carthanais nó imeachtaí atá iomaíoch go príomha;
- tionscadail nó gníomhaíochtaí atá dírithe go príomha ar bhrabús;
- iarratais/tograí a rinne an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin.

Ní mheasfar d'iarratas a bheith incáilithe agus cuirfear thar n-ais chugat é, más rud é:

- nach gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta le haghaidh measúnachta don dámhachtain a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith;
- nár chuir tú isteach le d'iarratas an t-ábhar tacaíochta go léir a sonraíodh;
- gur lorg tú maoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhí ann cheana féin nó a bheidh críochnaithe roimh an dáta dúnta go bhfuil d'iarratas nó d'ábhar tacaíochta déanach Ciallaíonn sé sin go dtagann iarratas nó ábhar tacaíoch isteach tar éis an dáta agus an ama deiridh (i gcás go luaitear sin);
- go ndearna tú iarratas ar ríomhphost. (Is féidir iarratais áirithe a dhéanamh trí shuíomh gréasáin na Comhairle, **www.artscouncil.ie**, ach ní trí ríomhphost.)

De dheasca na hiomaíochta a bhíonn i gceist leis na dámhachtainí agus an líon mór iarratasóirí, ní féidir dámhachtain a thabhairt do gach iarratasóir atá cáilithe. Iontu féin, ní ráthaíocht go bhfaighfear dámhachtain iad incháilitheacht agus comhlíonadh na gcritéar.

conditions applying to all awards

- All awards are offered subject to the availability of funds. Awards may be withheld or divided among applicants at the discretion of the Arts Council.

- Applicants must have been born in and/or normally resident in the Republic of Ireland. 'Resident' means living in Ireland for more than half of the year. Artists living in Northern Ireland are not eligible to apply for Arts Council awards and should make contact with the Arts Council of Northern Ireland.

- Successful applicants are requested to report on the utilisation of their award and to supply receipts where appropriate.

- Successful applications must acknowledge the support of the Arts Council in all promotional material associated with the project. See 'Guide to Acknowledging Arts Council Funding', available on request from the Arts Council.

- If an application is deemed not to apply to the scheme to which it is directed, the Council reserves the right to assess it under a more appropriate scheme (depending on the closing date) or, failing this, will return it to the applicant.

- All correspondence should be between the Council and the applicant personally, unless otherwise agreed.

coinníollacha a bhaineann le gach dámhachtain

- Tá na dámhachtainí uile á dtairiscint faoi réir na cistí a bheith ar fáil. Féadfar dámhachtainí a choimeád siar nó a roinnt idir iarratasóirí de réir rogha na Comhairle Ealaíon.

- Coinníoll is ea é gur rugadh an t-iarratasóir in Éirinn nó go bhfuil de ghnáth cónaí ar an iarratasóir sa tír seo. Is é an sainmhíniú a bhaineann le "cónaitheacht" ná go bhfuil cónaí ag an duine in Éirinn ar feadh níos mó ná leath na bliana. Níl daoine a bhfuil cónaí orthu i dtuaisceart Éireann inroghnaithe do dhámhachtainí na Comhairle Ealaíon.

- Iarrtar ar iarratasóirí rathúla tuairisc a thabhairt ar an leas a baineadh as an dámhachtain a fuaireadar agus admhálacha a chur ar fáil nuair is cuí.

- Ní mór d'iarratasóirí rathúla tacaíocht na Comhairle Ealaíon a aithint i ngach ábhar chur chun cinn a ghabhann leis an tionscadal. Féach an treoir i ndáil le 'Maoiniú ón gComhairle Ealaíon a Aithint', atá ar fáil ón gComhairle Ealaíon ach é a iarradh.

- Má mheastar nach mbaineann iarratas leis an scéim ar a bhfuil sé dírithe, beidh sé de cheart ag an gComhairle Ealaíon é a mheasúnú faoi scéim níos oiriúnaí (ag brath ar an dáta deiridh) nó, mura ndéantar sin, cuirfear thar n-ais chuig an iarratasóir é.

- Additional conditions may be applied to any category of awards at the absolute discretion of the Council. For specific conditions please refer to the individual award/ scheme information sheets.

Complaints and appeals: Please contact the Arts Council for an information sheet or check our website at: www.artscouncil.ie

For further information on assessment procedures, see the Freedom of Information publication, 'Section 16; Rules and Practices of the Arts Council', available on the Arts Council's website.

- Beidh an comhfhreagras uile idir an Chomhairle agus an t-iarratasóir go pearsanta, mura gcomhaontaítear a mhalairt.

- Féadfar coinníollacha breise a chur i mbaint le haon chatagóir dámhachtainí de réir lánrogha na Comhairle. Le haghaidh coinníollacha sonracha, féach na bileoga faisnéise faoi na dámhachtainí/scéimeanna ar leith.

Gearáin agus achomhairc: Déan teagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun bileog faisnéise a fháil nó féach an suíomh gréasáin atá againn ag www.artscouncil.ie.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na nósanna imeachta measúnaithe, féach an foilseachán i dtaobh Shaoráil Faisnéise, 'Alt 16: Rialacha agus Cleachtais de chuid na Comhairle Ealaíon', atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

the arts council
an chomhairle ealaíon

general awards
dámhachtainí ginearálta

awards open to artists in all disciplines

cnuais
cnuais
bursaries
sparánachtaí
travel & mobility awards
dámhachtainí taistil agus soghluaisteachta
professional development & training awards
dámhachtainí forbartha agus oiliúna gairmiúla
critical reflection awards
dámhachtainí machnaimh chritice
residencies
cónaitheachtaí
banff residencies
cónaitheachtaí banff
projects
tionscadail
commissions
coimisiúin
small arts festivals awards
dámhachtainí na bhféilte ealaíne bheaga

03

See also section 2 for awards restricted to particular artforms

Cnuais

Members of Aosdána resident in Ireland are eligible to apply for an annuity, called a Cnuas and valued at around €11,000 a year for a term of five years, the Cnuas assists artists in concentrating their energies on the full-time pursuit of their art.

Aosdána is an affiliation of creative artists engaged in literature, music and visual arts. A creative artist in these artforms may be nominated for membership of Aosdána by two Aosdána members. Membership is limited at any one time to 200 members.

Further details from Aosdána,
70 Merrion Square, Dublin 2.
Tel: (01) 618 0200/callsave 1850 392492.
Fax: (01) 676 1302/661 0349

Bursaries

Closing date: Friday 5.30 pm, 21 February

The primary aim is to allow artists to pursue ideas and fulfil their artistic potential.

The award allows artists buy the time, space and freedom to concentrate on a specific body of work, particularly through releasing them from their usual commitments.

It is open to practising creative artists (including digital artists) working in any context or any artform.

Award range: Up to €12,000.

Ask for information sheet/application form.

Féach cuid 2 freisin le haghaidh dámhachtainí a bhaineann le foirmeacha ealaíne faoi leith.

Cnuais

Tá baill d'Aosdána a bhfuil cónaí orthu in Éirinn cáilithe chun iarratas a dhéanamh le haghaidh blianachta, ar a dtugtar Cnuas. Le luach de tuairim is €11,000 in aghaidh na bliana go ceann cuig bliana, tugann an Cnuas cuidiú d'ealaíontóirí a bhfuinneamh a dhíriú ar shaothrú lánaimseartha a gcuid ealaíne.
Comhcheangal d'ealaíontóirí cruthaitheacha atá i mbun litríochta, ceoil agus na bhfísealaíon is ea Aosdána. Is féidir le beirt bhall d'Aosdána ealaíontóir cruthaitheach sna foirmeacha ealaíne seo a ainmniú le haghaidh ballraíochta in Aosdána. Tá teorainn 200 ball leis an mballraíocht am ar bith.
Tá tuilleadh sonraí le fáil ó Aosdána,
70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Guthán: (01) 618 0200 /callsave 1850 392492.
Faics: (01) 676 1302/661 0349.

Sparánachtaí

Dáta dúnta: Dé hAoine, 21 Feabhra
Is é príomhchuspóir na dámhachtana seo ná a chur ar chumas ealaíontóirí smaointe a fhorbairt agus an gealladh ealaíne atá fúthu a chomhlíonadh.
Leis an dámhachtain, cuirtear ar chumas ealaíontóirí an t-am, an spás agus an tsaoirse a cheannach chun díriú ar shaothar áirithe, go háirithe trí iad a scaoileadh saor ó na gnáthcheanglais a bhíonn orthu.
Tá sé ar oscailt d'ealaíontóirí cruthaitheacha cleachtacha (ealaíontóirí digiteacha san áireamh) atá ag obair i gcomhthéacs nó le cineál ealaíne ar bith.
Raon na dámhachtana: Suas le €12,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Travel & mobility awards
Closing date: At least six weeks before departure
By facilitating travel, the aim is to improve the professional development, formation and networking opportunities of artists and people working professionally in the arts.
It supports a short period (up to six months) of travel outside Ireland. It is not intended to fund study periods or courses abroad.
Artists, digital artists, performers, arts administrators/ managers, arts practitioners and technical personnel working in the arts can apply. Applicants may be in receipt of a maximum of two awards per year.
Award range: Up to €5,000.
Ask for information sheet/application form.

Dámhachtainí taistil & soghluaisteachta
Dáta dúnta: Sé seachtaine ar a laghad roimh imeacht
Trí áis a thabhairt do thaisteal, is í an aidhm ná feabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil, forbairt ealaíne agus deiseanna gréasánaithe ealaíontóirí agus daoine atá ag obair go gairmiúil leis na healaíona.
Tacaítear le tréimhse ghairid taistil (suas le sé mhí) lasmuigh d'Éirinn. Níl sé i gceist go ndéanfaí maoiniú ar thréimhsí staidéir ná ar chúrsaí thar lear.
Féadfaidh ealaíontóirí, ealaíontóirí digiteacha, oirfidigh, riarthóirí/bainisteoirí ealaíne, cleachtóirí ealaíne agus foireann theicniúil atá ag obair leis na healaíona iarratas a dhéanamh. Ní féidir le hiarratasóirí níos mó ná dhá dámhachtain a fháil in aon bhliain.
Raon na dámhachtana: Suas le €5,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Professional development and training awards
Closing date (strand 1): Friday 5.30 pm, 2 May
Closing date (strand 2): Minimum 6 weeks before course begins

This award facilitates artists and performers to achieve the highest standards through further professional development and formation. Specifically, it assists any development activity that enhances creative practice and facilitates career development.

This award has two strands:

- Strand one is directed at artists and performers wishing to pursue formal postgraduate or equivalent studies *abroad*, which start in the autumn. Applications for these courses must be submitted by the closing date.
- Strand two is directed at artists and performers wishing to take up short courses, mentoring or internship opportunities that may arise during the year. These applications are accepted on an ongoing basis but applications must be made at least six weeks in advance of the course/opportunity commencing. Practising creative and performing artists (including digital artists) and technical personnel working in any context or any artform are eligible. Applicants may be in receipt of a maximum of two awards per year.

Award range: €1,000 – €12,000.
(Undergraduate students of drama can apply for a maximum of €4,000).
Ask for information sheet/application form.
Note: Applications for first year undergraduate dance and acting students are not eligible (please see information sheet).

See also the International directing mentoring scheme on page 60.

Dámhachtainí forbartha agus oiliúna gairmiúla
Dáta dúnta (cuid a haon): Dé hAoine, 5.30 i.n., 2 Bealtaine
Dáta dúnta (cuid a dó): Ar a laghad sé seachtaine sula dtosaíonn an cúrsa
Leis an scéim seo, éascaítear d'ealaíontóirí agus d'oirfidigh na caighdeáin is airde a bhaint amach trí fhorbairt agus dhul chun cinn gairmiúil a chur ar aghaidh. Go sonrach, cuidítear le haon ghníomhaíocht forbartha lena gcuirtear feabhas ar an gcleachtas gairmiúil agus lena n-éascaítear forbairt gairme.
Tá dhá chuid ag an dámhachtain seo:

- Díríonn cuid a haon ar ealaíontóirí agus oirfidigh atá ag iarraidh dul le staidéar foirmeálta iarchéime nó a leithéid thar lear, ag tosú sa bhfómhar. Caithfear iarratais don chuid seo a chur isteach faoin dáta dúnta.
- Díríonn cuid a dó ar ealaíontóirí agus oirfidigh atá ag iarraidh cúrsaí gearra, deiseanna oidis nó taithí oibre a fhaigheann siad i rith na bliana a thógáil. Glactar leis na hiarratais seo i rith na bliana, ach caithfear na hiarratais a chur isteach sé seachtaine ar a laghad sula dtosaíonn an cúrsa/deis. Ealaíontóirí cruthaitheacha agus oirfideacha cleachtacha (ealaíontóirí digiteacha san áireamh) agus pearsanra teicniúil ag obair in aon chomhthéacs nó aon fhoirm ealaíne atá incháilithe. Is féidir le hiarratasóirí dhá dhámhachtain ar a mhéid sa bhliain a fháil.

Raon na dámhachtana: €1,000 – €12,000.
(Is féidir le mic léinn bunchéime i ndrámaíocht uasmhéid €4,000 a iarradh).
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.
Nótaigh: Ní ghlacfar le hiarratais ó mhic léinn bunchéime i ndrámaíocht nó sa rince atá sa chéad bhliain den chúrsa (féach an bhileog faisnéise).

Féach freisin an Scéim oidis idirnáisiúnta do stiúrthóirí ar leathanach 60.

Critical reflection awards
Closing date: Friday 5.30 pm, 25 April
This award aims to broaden and inform critical debate in the contemporary arts and on art in various contexts. It is also intended to develop the practise of critical writing and thinking by encouraging research into the theory and practice of contemporary arts.
Applicants may make applications on any topic and/or in any artform.
Special category in 2003: In connection with the Arts Council 'Critical Voices' programme, we are inviting applicants to respond to the curatorial question: "What does globalisation mean to the creative practitioner?" One award will be made for a successful applicant in this Critical Voices' category.
Award range: up to €10,000.
We intend to make up to four Critical reflection awards in 2003.
Ask for information sheet/application form.

Residencies
Closing date: Friday 5.30 pm, 7 March
This offers artists from any discipline an opportunity to work on a specific project or programme and/or develop their own practice in a new environment or specific location outside of their normal workplace. It also offers other individuals and organisations working in the arts the opportunity to act as hosts for artists. The residency is intended to enrich the work of artists by expanding their artistic experience and body of knowledge, either alone or through interaction with others. Residencies are normally from four weeks to one year in duration. **Organisations may not apply for more than one artist per residency.**

Award range: Up to €15,000, with most awards between €2,500 – €7,000.
Ask for information sheet/application form.

Dámhachtainí machnaimh chritice
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 25 Aibreán
Leis an dámhachtain seo, dírítear ar an díospóireacht chritice sna healaíona comhaimseartha agus i gcomhthéacsanna éagsúla a leathnú agus a fhaisnéisiú. Tá sé beartaithe freisin cleachtadh na scríbhneoireachta critice agus an mhachnaimh chritice a fhorbairt trí thaighde ar theoiric agus cleachtadh na n-ealaíon comhaimseartha a spreagadh.
Is féidir le hiarratasóirí iarratais a dhéanamh ar aon ábhar agus/nó in aon chineál ealaíne.
Aicme speisialta i 2003: Maidir le clár 'Critical Voices' na Comhairle Ealaíon tá cuireadh á thabhairt d'iarratasóirí freagra a thabhairt ar an gceist choimeádaíochta: "Cad is brí le domhandacht don chleachtóir cruthaitheach?" Tabharfar dámhachtain amháin d'iarratasóir a éiríonn leis san aicme seo.
Raon na dámhachtana: Suas le €10,000.
Tá sé i gceist againn ceithre dhámhachtain machnaimh chritice a bhronnadh i 2003.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais

Cónaitheachtaí
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 7 Márta
Leis an scéim seo, tugtar an deis d'ealaíontóirí ó dhisciplín ar bith obair a dhéanamh ar thionscadal nó ar chlár sonrach agus/nó a gcleachtas féin a fhorbairt i dtimpeallacht nua nó in ionad ar leith lasmuigh den ghnáth-áit oibre atá acu. Tugtar an deis freisin do dhaoine eile atá ag obair leis na healaíona agus in eagraíochtaí a bheith ina n-óstaigh d'ealaíontóirí. Tá sé i gceist go saibhreofar saol na n-ealaíontóirí tríd an taithí ealaíonta agus an méid eolais atá acu a mhéadú, ina n-aonar nó in idirghníomhaíocht le daoine eile. Is gnách gur tréimhse idir ceithre seachtaine agus aon bhliain amháin a bhíonn i gceist leis na cónaitheachtaí.

Banff residencies
Closing date: Friday 5.30 pm, 28 February
The aim is to enable writers, composers, visual artists, designers and technologists to work on specific arts projects or programmes, observe artistic developments in their fields of interest; and pursue opportunities for artistic growth and development. The programme is run as a partnership between the Arts Council/An Chomhairle Ealaíon, the Arts Council of Northern Ireland and the Banff Centre for the Arts, Canada.
Awards range: The award covers the residency fee, travel, insurance, and some material costs. Two residencies are awarded each year
Ask for information sheet/application form.

Projects
Closing date: Friday 5.30 pm, 15 August (for projects taking place in 2004)
The Projects scheme aims to assist the devising, exploration and implementation of creative ideas in any artform or combination of artforms. The emphasis is on the creation of new work, experimentation and innovation. Specifically, this scheme offers once-off funding for the development and/or production phases of artistic projects that may last up to five years.
It is open to artists, digital artists, organisations and other individuals.
Award range: up to €25,000.
Ask for information sheet/application form.

Ní féidir le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar níos mó ná ealaíontóir amháin in aghaidh gach cónaitheachta.
Raon na dámhachtana: Suas le €15,000, agus an chuid is mó de na dámhachtainí idir €2,500 agus €7,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Cónaitheachtaí Banff
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 28 Feabhra
Is í an aidhm anseo ná a chur ar chumas scríbhneoirí, cumadóirí, físealaíontóirí, dearthóirí agus teicneolaithe obair a dhéanamh ar thionscadail nó ar chláracha sonracha ealaíne, féachaint ar fhorbairtí ealaíne sna réimsí spéise ina bhfuil siad, agus deiseanna a ghlacadh le haghaidh fáis agus forbartha ealaíne. Ritear an clár mar chomhpháirtíocht idir an Chomhairle Ealaíon, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus Ionad Banff do na hEalaíona, i gCeanada.
Raon na dámhachtana: Clúdaíonn an dámhachtain an táille cónaitheachta, taisteal, árachas agus roinnt costas ábhartha. Tugtar dhá chónaitheacht in aghaidh na bliana.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Tionscadail
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 15 Lúnasa (do thionscadail a bheidh ar siúl i 2004)
Tá an scéim Tionscadail ann chun cuidiú le ceapadh, iniúchadh agus cur i bhfeidhm smaointe cruthaitheacha in aon chineál ealaíne nó cumasc de chineálacha ealaíne. Is ar chruthú saothair nua, turgnamhacht agus nuáil a leagtar an bhéim. Leis an scéim seo go sonrach, taírgítear maoiniú aon-uaire do chéimeanna na forbartha agus/nó na táirgeachta i dtionscadail ealaíne a mhaireann suas le cuig bliana. Tá sí ar oscailt d'ealaíontóirí, ealaíontóirí digiteacha, eagraíochtaí agus daoine aonair eile.
Raon na dámhachtana: Suas le €25,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Commissions
Closing dates: Friday 5.30 pm,
11 April (for commissions taking place in 2003)**,**
28 November (for commissions taking place in 2004)
The aim is to foster the creation of new work through commissioning. Specifically, the Commissions scheme intends to build artistic networks and artistic relationships (between artists and commissioners), encourage new types of commissioners and promote greater diversity in the opportunities available to artists. It is open to artists, digital artists, organisations and other individuals.
Awards range: €1,000 – €10,000.
Ask for information sheet/application form.

Small arts festivals awards
Closing date: Friday 5.30 pm, 14 February
This award provides once-off or project-based support for small multi-disciplinary arts festivals and events not already in receipt of Arts Council revenue or project funding. The purpose of this award is to support the participation or involvement of professional artists or a professional arts group in multi-disciplinary arts festivals and events. Priority will be given to those applicants who demonstrate high artistic standards and innovation in their programming.
Award range: €1,000 – €7,000.
Ask for information sheet/application form.

Note: This scheme will not be offered in its existing format beyond 2003.

Coimisiúin
Dátaí dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n.,
11 Aibreán (do choimisiúin a bheidh ar siúl i 2003)**,**
28 Samhain (do choimisiúin a bheidh ar siúl i 2004).
Is í an aidhm anseo ná cruthú saothair nua a chothú trí choimisiúnú. Go sonrach, tá scéim na gCoimisiún ag iarraidh gréasáin ealaíonta agus caidreamh ealaíonta (idir ealaíontóirí agus coimisiúnaithe) a thógáil, cineálacha nua coimisiúnaithe a spreagadh agus éagsúlacht níos fearr a chur chun cinn sna deiseanna atá ar fáil d'ealaíontóirí. Tá sí ar oscailt d'ealaíontóirí, ealaíontóirí digiteacha, eagraíochtaí agus daoine aonair eile.
Raon na dámhachtana: €1,000 – €10,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Dámhachtainí na bhféilte ealaíne bheaga
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 14 Feabhra
Tugann an scéim seo tacaíocht aon-uaire nó tionscadal-bhunaithe le haghaidh féilte ealaíne ildisiplíneacha beaga nach bhfuil ag fáil maoiniú reatha nó tionscadail ón gComhairle Ealaíon cheana féin. An cuspóir atá leis an dámhachtain seo ná tacú le rannpháirtíocht ealaíontóirí gairmiúla nó buíon ealaíon ghairmiúil i bhféilte agus imeachtaí ealaíne ildisciplíneacha nó le baint a bheith acu lena leithéid. Tabharfar tosaíocht do na hiarratais sin lena léirítear caighdeáin arda ealaíne agus nuála sa chlár.
Raon na dámhachtana: €1,000 – €7,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Nótaigh: ní bhronnfar an dámhachtain seo sa chruth seo atá ann tar éis 2003

the arts council
an chomhairle ealaíon

artform awards
áirithe ealaíne

awards specific to particular artforms

arts in contexts
ealaíona i gcomhthéacsanna
architecture
ailtireacht
dance
rince
drama
drámaíocht
film, video and animation
scannáin, físeáin agus beochan
literature
litríocht
music and opera
ceol agus ceoldrámaíocht
visual arts
físealaíona

03

See also section 1 for other awards

arts in contexts

Schemes run in partnership with other agencies:

Artist-in-the-community scheme
Closing dates: 31 January, 20 June
This is now a partnership scheme administered by CAFE. Information and application forms are available from CAFE, 10/11 Earl Street South, Dublin 8.
Tel: (01) 473 6600; Fax: (01) 473 6599,
Email: cafe@connect.ie
Website: www.communityartsireland.com

Writers-in-prisons scheme
This jointly-funded scheme is administered by the Department of Justice, Equality and Law reform and all applications should be made to: Education Unit
Castlerea Prison, Co. Roscommon
Tel: (0907) 25290

Writers-in-the-community scheme
Information sheets and application forms are available from the Irish Writers' Centre, 19, Parnell Square, Dublin 1.
Tel: (01) 872 1302; Fax: (01) 872 6282.

Writers-in-schools scheme
This is administered by Poetry Ireland, and is open to all primary and secondary schools in the Republic of Ireland. Information and application forms are available from: Éigse Éireann/Poetry Ireland, Bermingham Tower, Dublin Castle, Dublin 2. Tel: (01) 679 9860; Fax: (01) 671 4634.

ealaíona i gcomhthéacsanna

Scéimeanna a ritear i gcomhar le gníomhaireachtaí eile:

Scéim an ealaíontóra sa phobal
Dátaí dúnta: 31 Eanáir, 20 Meitheamh
Is scéim chomhpháirtíochta í seo anois a riarann CAFE. Tá faisnéis agus foirmeacha iarratais ar fáil ó CAFE, 10/11, Sráid an Iarla Theas, Baile Átha Cliath 8.
Guthán: (01) 473 6600; Faics: (01) 473 6577;
Ríomhphost: cafe@connect.ie
Suíomh gréasáin: communityartsireland.com

Scéim na scríbhneoirí i bpríosún
Tá an scéim chomh-mhaoinithe seo á riaradh ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ba cheart na hiarratais a chur chuig: an Rannóg Oideachais, Príosún Chaisleáin Riabhach, Co. Ros Comáin
Guthán: (0907) 25290

Scéim na scríbhneoirí sa phobal
Tá bileoga faisnéise agus foirmeacha iarratais ar fáil ó Ionad Scríbhneoirí na hÉireann, 19 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Guthán: (01) 872 1302; Faics: (01) 872 6282.

Scéim na scríbhneoirí i scoileanna
Déanann Éigse Éireann an scéim seo a riaradh agus tá sí ar oscailt do bhunscoileanna agus meánscoileanna uile Phoblacht na hÉireann.
Tá faisnéis agus foirmeacha iarratais ar fáil ó Éigse Éireann/Poetry Ireland, Túr Mhic Fheorais, Caisleán Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.
Guthán: (01) 671 4632; Faics: (01) 671 4634.

Lar Cassidy award
Closing date: Friday 5:30pm, 16 May
The aim of this award in 2003 is to support an arts practitioner working in the field of combined arts. (In alternate years, the award will offered to an individual writer working on a new or experimental fiction project). This commemorates the life and work of the late Lar Cassidy, pioneering arts administrator and former Arts Council Literature and Community Arts Officer.
Award range: There will be one award of €15,000.
Ask for information sheet/application form.

Visual artists-in-prisons scheme
The Arts Council, in partnership with the Department of Justice, Equality and Law reform, funds a scheme which allows artists to work with prisoners in a prison/ detention centre for a period of 8 –10 days. Artists interested in being placed on the panel are invited to apply to the Arts Council. As opportunities arise, an artist may be called to undertake a project within a particular prison. For further information, please contact the Visual Arts department.
Award range: €1,600 (€2,000 where the artist lives over 50 miles from the prison/detention centre).

Dámhachtain Lar Cassidy
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30i.n., 16 Bealtaine
Is í aidhm na dámhachtana seo sa bhliain 2003 ná tacú le cleachtóir ealaíon atá ag obair i réimse na n-ealaíon chomhcheangailte. (Gach re bliain, déanfar an dámhachtain a thairiscint do scríbhneoir aonair atá ag obair ar thionscadal ficsin nua nó turgnamhach.)
Leis an dámhachtain seo, déantar comóradh ar shaol agus saothar Lar Cassidy (nach maireann), riarthóir ceannródaíoch ealaíon agus Oifigeach Litríochta agus Ealaíon Pobail ag an gComhairle Ealaíon tráth.
Raon na dámhachtana: tugtar dámhachtain amháin arbh fhiú €15,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Scéim na bhfísealaíontóirí sna príosúin
Déanann an Chomhairle Ealaíon, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, maoiniú ar scéim lena gcuirtear ar chumas ealaíontóirí obair le príosúnaigh i bpríosún nó in ionad coinneála go ceann 8-10 lá. Tugtar cuireadh d'ealaíontóirí ar mian leo go gcuirfí ar an meitheal iad iarratas a dhéanamh chun na Comhairle Ealaíon. De réir mar a thagann deiseanna ar aghaidh, féadfar a iarraidh ar ealaíontóir dul i mbun tionscadail laistigh de phríosún áirithe. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Físealaíon.
Raon na dámhachtana: €1,600 (€2,000 i gcás go bhfuil cónaí ar an ealaíontóir níos mó ná 50 míle ón bpríosún nó ón ionad coinneála).

architecture

Due to budget reductions across all programmes of Arts Council funding, the Publications assistance and Exhibition assistance awards in architecture have been suspended for 2003. Contact the Architecture Department for further information.

Exhibition assistance scheme in architecture
Closing date: Friday 5.30 pm, 25 April
This facilitates the presentation of contemporary Irish and international work in architectural design and promotes exhibitions with the objective of informing and improving contemporary design practice. Galleries, venues or other not-for-profit groups/organisations (except those in receipt of central government funding), either alone or jointly with the curator/designer of the exhibition, are eligible.
Award range: up to €7,000.
Ask for information sheet/application form.

Publications assistance scheme in architecture
Closing date: Friday 5.30 pm, 25 April
This supports the production of documentation of, or critical reflection on, contemporary architectural design in Ireland – both practical and theoretical. It aims to inform and improve contemporary design practice. Applications can be made for the publication of books, catalogues or periodicals; some forms of digital media may also be eligible. Publishers, or publisher and writer/editor jointly may apply.
Award range: up to €13,000.
Ask for information sheet/application form.

ailtireacht

Mar gheall ar ghearradh siar i bhfoinse airgid i ngach roinn de maoiniú na Comhairle Ealaíona, tá na scéimeanna cúnamh i leith taispeántas ailtireachta agus i leith foilseachán ailtireachta curtha ar ceal sa bhliain 2003. Lorg tuilleadh faisnéise ó Roinn na h-Ailtireachta.

An scéim cúnaimh i leith taispeántas ailtireachta
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 25 Aibreán
Éascaítear leis an scéim seo cur i láthair saothar comhaimseartha Éireannach agus idirnáisiúnta sa dearadh ailtireachta agus cuirtear taispeántais chun cinn leis an gcuspóir de dhul i bhfeidhm ar an gcleachtas deartha reatha agus é a fheabhsú.
Tá dánlanna, ionaid nó buíonta/eagraíochtaí neamhbhrabúis eile (seachas iad sin a fhaigheann maoiniú ón rialtas láir), leo féin nó i gcomhpháirt le coimeádaí/dearthóir an taispeántais, cáilithe.
Raon na dámhachtana: Suas le €7,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

An scéim cúnaimh i leith foilseachán ailtireachta
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 25 Aibreán
Leis an scéim seo, tacaítear le táirgeadh doiciméadaithe, nó machnamh critice, ar an dearadh comhaimseartha ailtireachta in Éirinn - idir phraiticiúil agus theoiriciúil. Tá mar aidhm aige dul i bhfeidhm ar an gcleachtas deartha reatha agus é a fheabhsú.
Féadfar iarratais a dhéanamh chun leabhair, catalóga nó tréimhseacháin a fhoilsiú; féadfaidh roinnt cineálacha meán digiteach a bheith cáilithe. Féadfaidh foilsitheoirí, nó foilsitheoirí le scríbhneoir/eagarthóir i gcomhpháirt, iarratas a dhéanamh.
Raon na dámhachtana: Suas le €13,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

dance

Dance publications assistance scheme
Closing date: Friday 5.30pm, 25 April
This supports documentation of, or critical reflection on dance, both practical and theoretical, in Ireland. The objective is to improve and heighten awareness of dance as an artform. Applications can be made for the publication of books, catalogues or periodicals; some forms of digital media may also be eligible.

Award range: Up to €13,000.
Ask for information sheet/application form.

rince

An scéim cúnaimh i leith foilseachán rince
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 25 Aibreán
Leis an scéim seo, tacaítear le táirgeadh doiciméadaithe, nó machnamh critice, ar an dearadh comhaimseartha rince - idir phraiticiúil agus theoiriciúil, in Éirinn. An aidhm atá ann ná meabhraíochta ar an rince mar fhoirm ealaíne a ardú agus a fheabhsú
Féadfar iarratais a dhéanamh chun leabhair, catalóga nó tréimhseacháin a fhoilsiú; féadfaidh roinnt cineálacha meán digiteach a bheith cáilithe.
Raon na dámhachtana: Suas le €13,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

drama

International directing mentoring scheme
Closing date: Friday 5.30pm, 14 March
This award is limited to mid-career directors.

This award is intended to address training deficits in theatre direction in Ireland and to build levels of craft in mid-career artists. It is anticipated that this mentoring will offer wider knowledge of international practice to directors; enable organisations they work with to realise better productions; and to improve significantly the efficient use of human and physical resources. Specifically, it assists the formalisation of a mentoring relationship between an Irish director and a professional director from abroad who also teaches or has taught directing at third level.
There will be two to four awards in 2003.
Award Range: Up to €15,000
Ask for information sheet/application form.
Note: Very specialised criteria must be met to qualify for this award. Please take careful note of the criteria that are detailed in the information sheet.

drámaíocht

An scéim oidis idirnáisiúnta do stiúrthóirí
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30i.n., 14 Márta
Stiúrthóirí i lár-ghairme amháin atá incháilithe don dámhachtain seo.

Is í aidhm na dámhachtana seo ná díriú ar easnaimh sa stiúradh amharclainne in Éirinn agus leibhéil ceirde a thógáil i measc ealaíontóirí atá i lár-ghairme. Táthar ag súil go dtabharfaidh an t-oideas seo eolas níos leithne do stiúrthóirí ar chleachtas idirnáisiúnta; eagraíochtaí lena n-oibríonn siad a chumasú chun léirithe níos fearr a chur i gcrích; agus úsáid éifeachtach ar acmhainní daonna agus fisiciúla a fheabhsú go mór. Go sonrach, cabhraíonn an dámhachtain le gaol oidis idir stiúrthóir Éireannach agus stiúrthóir gairmiúil ó thar lear, a bhfuil múinteoireacht ag tríú leibhéal déanta aige, a chur ar bhonn foirmiúil. Beidh idir dhá agus ceithre dhámhachtain ann i 2003.
Raon na dámhachtana: Suas le €15,000
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.
Nótáil: Is gá critéir an-speisialta a chomhlíonadh le bheith incháilithe don dámhachtain seo – tabhair aird chúramach ar na critéir atá sonraithe sa bhileog faisnéise.

film, video and animation

Awards supported by or run in partnership with other agencies:

Frameworks awards
Closing date: Check with Bord Scannán na hÉireann/The Irish Film Board
These aim to add to the range and scope of Irish animation and encourage new and established animation which makes creative use of the medium and is primarily aimed at an adult audience. The Frameworks animation scheme is co-funded by RTÉ, Bord Scannán na hÉireann and the Arts Council to fund up to six animated shorts.
Award range: €25,000 – €32,000.

Information is available from the Arts Council, or Bord Scannán na hÉireann/The Irish Film Board, Rockfort House, St Augustine Street, Galway.
Tel. (091) 561398 Fax (091) 561405.
Website: www.filmboard.ie

Completed applications should be sent to Bord Scannán na hÉireann.

scannáin, físeáin agus beochan

Dámhachtainí a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile nó a ritear i gcomhar leo:

Dámhachtainí Creata
Dáta dúnta: Cinntigh le Bord Scannán na hÉireann/The Irish Film Board
Leo seo, dírítear ar chur le raon agus leithead na beochana in Éirinn agus spreagadh a thabhairt don bheochan nua agus don bheochan sheanbhunaithe ina mbaintear úsáid as an meán sin agus atá dírithe go príomha ar lucht féachana fásta. Déanann RTÉ, Bord Scannán na Éireann agus an Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú ar an scéim beochana Creat chun maoiniú a dhéanamh ar suas le sé cinn de ghearrmhíreanna beochana.
Raon na dámhachtana: €25,000 – €32,000.

Tá faisnéis ar fáil ón gComhairle Ealaíon, nó ó:
Bord Scannán na hÉireann/The Irish Film Board,
Teach Rockfort, Sráid San Aibhistín, Gaillimh.
Guthán: (091) 561398; Faics: (091) 561405.
Suíomh gréasáin: www.filmboard.ie

Is cóir foirmeacha iarratais chomhlánaithe a chur chuig Bord Scannán na hÉireann.

literature

Authors' royalty scheme
Closing date: Friday 5.30 pm, 25 February
This makes grants and/or loans to publishers to enable them to pay royalties to writers in advance of publication. It also aims to ensure that important texts of contemporary literature in Irish are translated into English, making them accessible to other readers.
Awards range: €2,000 - €6,500
Ask for information sheet/application form.

Title-by-title scheme
Closing date: Friday 5.30 pm, 21 February, 5th September
Title–by–title grants are awarded to publishers of established reputation, twice annually in February and September. The awards are made to offset some of the production, editorial and advance royalty costs incurred in the publication of certain works of a specialist cultural nature.
Ask for information sheet/application form.

Literature awards supported by or run in partnership with other agencies include:
Writers-in-prisons scheme
Writers-in-the-community scheme
Writers-in-schools scheme
See 'Arts in Contexts' on page 52.

litríocht

Scéim ríchíosanna údar
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 25 Feabhra
Faoin scéim seo, tugtar deontais agus/nó iasachtaí d'fhoilsitheoirí chun a chur ar a gcumas ríchíosanna a íoc le scríbhneoirí roimh fhoilsiú.
Dírítear freisin ar a chinntiú go ndéantar téacsanna tábhachtacha den litríocht chomhaimseartha i nGaeilge a aistriú go Béarla, chun go mbeidh teacht ag léitheoirí eile orthu.
Raon na dámhachtana: €2,000 - €6,500.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

An scéim 'teideal ar theideal'
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 21 Feabhra, 5 Meán Fómhair
Tugtar deontais 'teideal ar theideal' d'fhoilsitheoirí, a bhfuil seasamh acu, faoi dhó in aghaidh na bliana - Feabhra agus Meán Fómhair. Tugtar na dámhachtainí chun roinnt de na costais tháirgthe, eagarthóireachta agus réamh-ríchíosa a thabhaítear le foilsiú saothar áirithe de shainchineál cultúir.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Dámhachtainí sa Litríocht a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile nó a ritear i gcomhar leo
Scéim na scríbhneoirí i bpríosún
Scéim na scríbhneoirí sa phobal
Scéim na scríbhneoirí i scoileanna
Féach 'Ealaíona i gComhthéacsanna' - ar leathanach 52.

music and opera

Music publications and recordings scheme
Closing date: Friday 5.30 pm, 7 March
The aim is to ensure that the work of Irish composers and performers is available other than in live performance and to ensure that important or neglected materials of Irish music are preserved and disseminated to the highest professional standard.
The scheme will assist in the making of CD recordings and, in the case of traditional music, will also assist with music publications.
Awards range: Average €3,800.
Ask for information sheet/application form.

Awards supported by or run in partnership with other agencies:

Skidmore jazz award
Closing date: Friday 5.30 pm, 28 February
In association with the Arts Council of Northern Ireland, this award offers a scholarship to enable a jazz musician to attend a summer course at Skidmore College in New York, USA. The emphasis of this course is on ensemble or 'in combo' playing.
Award range: Approximately €2,200.
Further information on application procedures from:
Music Department,
Arts Council of Northern Ireland,
77 Malone Road, Belfast BT96AQ.
Tel: 0044 28 90385200 Fax: 0044 28 90661715

ceol agus ceoldrámaíocht

An scéim um fhoilsiú agus taifeadadh ceoil
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 7 Márta
Is í an aidhm anseo ná a chinntiú go bhfuil saothar cumadóirí agus seinnteoirí na hÉireann ar fáil ar shlí eile seachas sa bheo-léiriú agus a chinntiú go ndéantar ábhair thábhachtacha nó ábhair ar deineadh faillí iontu a chaomhnú agus a imdháileadh ar an gcaighdeán gairmiúil is airde. Leis an scéim seo, cuideofar chun taifeadtaí dlúthdhiosca a dhéanamh agus, i gcás an cheoil thraidisiúnta, foilseacháin cheoil.
Raon na dámhachtana: €3,800 ar an meán.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Dámhachtainí a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile nó a ritear i gcomhar leo:

Dámhachtain snagcheoil Skidmore
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 28 Feabhra
I gcomhar le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, tá scoláireacht á tairiscint le cur ar chumas snagcheoltóra freastal ar chúrsa samhraidh i gColáiste Skidmore i Nua-Eabhrac sna Stáit Aontaithe. Bíonn an bhéim sa chúrsa sin ar sheinnt foirne nó 'i gcomhar'.
Raon na dámhachtana: Timpeall ar €2,200.
Tá tuilleadh faisnéise faoin tslí chun iarratas a dhéanamh le fáil ó:
An Rannóg Ceoil,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann,
77 Bóthar Malone, Béal Feirste, BT96AQ.
Guthán: 0044 28 90385200 Faics: 0044 28 90661715

visual arts

PS1 fellowship
Closing date: Friday 5.30 pm, 28 February
In association with the Irish American Cultural Institute, the Council offers one annual fellowship that provides a year's studio space at the Institute for Art and Urban Resources at PS1, New York, USA. Final selection is made by a PS1 jury in New York on the basis of a shortlist provided by the Arts Council.
Award range: Approximately €32,000.
The award includes provision for accommodation, and a monthly stipend of $1,500.
Ask for information sheet/application form.

Bursary in contemporary visual arts curation
Closing date: Friday 5.30 pm, 21 March
This offers an individual the opportunity to further his or her skills and knowledge in the curatorial area over approximately a one-year period.
Award range: €10,000.
Ask for information sheet/application form.

George Campbell memorial travel award
Closing date: Friday 5.30 pm, 21 March
This award celebrates the strong cultural contact that Irish artist George Campbell developed with Spain, and specifically, allows for a period of work in Spain. It is funded by the Arts Council/An Chomhairle Ealaíon, the Arts Council of Northern Ireland and the Istituto Cervantes. The award is offered to one person and is administered on alternate years by the two Arts Councils. In 2003 the award will be made by the Arts Council/An Chomhairle Eálaíon.
Award range: €3,800.
Ask for an application form.

físealaíona

PS1 fellowship
Dáta dúnta: Dé hAoine, 5.30i.n., 28 Feabhra
I gcomhar leis an bhForas Cultúir Ghael-Mheiriceánach, tá comhaltas bliantúil amháin á thairiscint ag an gComhairle lena gcuirtear spás stiúideo bliana ar fáil san Institute for Art and Urban Resources ag PS1 i Nua-Eabhrac sna Stáit Aontaithe. Is iad coiste roghnóireachta de chuid PS1 i Nua-Eabhrac a dhéanann an roghnú deiridh ar bhonn gearrliosta a chuireann an Chomhairle Ealaíon ar fáil dóibh.
Raon na dámhachtana: Timpeall ar €32,000.
Tá foráil sa dámhachtain le haghaidh cóiríochta agus tuarastal míosúla $1,500.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Sparánacht i gcoimeádaíocht físealaíon comhaimseartha
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 21 Márta
Leis an sparánacht seo, tugtar an deis do dhuine aonair cur lena chuid/cuid scileanna agus eolais i réimse na coimeádaíochta i rith tréimhse timpeall ar bhliain.
Raon na dámhachtana: €10,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Dámhachtain taistil cuimhneacháin George Campbell
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 21 Aibreán
Cuireadh an dámhachtain seo ar bun chun an teagmháil láidir chultúir a d'fhorbair an t-ealaíontóir Éireannach, George Campbell, leis an Spáinn a cheiliúradh, agus bronntar í go háirithe ar mhaithe le tréimhse oibre sa Spáinn. An Chomhairle Ealaíon, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus Istituto Cervantes a mhaoiníonn í. Bronntar an dámhachtain ar dhuine amháin agus déanann an dá Chomhairle Ealaíon faoi seach í a riaradh gach re bliain. Sa bhliain 2003, is í an Chomhairle Ealaíon/ the Arts Council a bhronnfaidh an dámhachtain.
Raon na dámhachtana: €3,800. Lorg foirm iarratais.

Mary Farl Powers award for printmakers
Closing date: Friday 5.30 pm, 21 March
This commemorates the life and work of the late Mary Farl Powers. It is made biennially to a practising print artist or artist who uses print, on the basis of work submitted in slide form.
Award range: €2,600.
Ask for an application form.

Exhibition assistance scheme in visual art
Closing date: Friday 5.30 pm, 25 April
This facilitates the presentation of Irish contemporary visual arts in Ireland. Public galleries, venues or other not-for-profit groups/organisations (except those in receipt of central government funding), either alone or jointly with the curator/designer of the exhibition, are eligible.
Award range: Up to €13,000
Ask for information sheet/application form.

Publications assistance scheme in visual art
Closing date: Friday 5.30 pm, 9 May
This contributes towards the documentation, promotion and understanding of the full range of contemporary visual arts practice in Ireland through both digital and traditional publication methods. Publications may include: books, catalogues, newsletters, magazines, artists' self-help manuals, directories, or limited edition artists' books. Eligible applicants are: individuals; groups, galleries and venues, publishers, publishers and artist/ artists groups jointly and organisations with less than €90,000 per annum in revenue funding from the Arts Council.
Award range: €1,000 – €10,000.
Ask for information sheet/application form.

Dámhachtain Mary Farl Powers le haghaidh déantóirí priontaí
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 21 Márta
Leis an dámhachtain seo, déantar saol agus saothar Mary Farl Powers (nach maireann) a chomóradh. Bronntar í gach re bliain ar ealaíontóir cleachtach priontaí nó ar ealaíontóir a úsáideann priontaí, ar bhonn saothair a chuirtear faoi bhráid na Comhairle i bhfoirm sleamhnáin.
Raon na dámhachtana: €2,600.
Lorg foirm iarratais.

An scéim cúnaimh do thaispeántais san fhísealaín
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 25 Aibreán
Cuidíonn an dámhachtain seo le cur i láthair na bhfísealaíon chomhaimseartha in Éirinn. Dánlanna poiblí, ionaid agus grúpaí/eagraíochta eile nach bhfeidhmíonn ar son brabúis (seachas iad siúd a bhfuil maoiniú rialtais lárnach á fháil acu cheana), leo féin nó i gcomhpháirt le coimeádaí/dearthóir an taispeántais, atá incháilithe don dámhachtain seo.
Raon na dámhachtana: Suas le €13,000
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais

An scéim cúnaimh d'fhoilseacháin san fhísealaín
Dáta dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 9 Bealtaine
Cuidítear anseo le doiciméadú, cur chun cinn agus tuiscint raon iomlán an chleachtais chomhaimseartha físealaíon in Éirinn ar mhodhanna foilsitheoireachta digiteacha agus traidisiúnta. Ar na foilseacháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist, tá leabhair, catalóga, nuachtáin, irisí, lámhleabhair féinchabhrach d'ealaíontóirí, treoracha, leabhair ealaíontóirí eagrán-teoranta. Ar na hiarratasóirí atá cáilithe, tá daoine aonair, buíonta, dánlanna agus ionaid, foilsitheoirí le healaíontóir nó le healaíontóirí i gcomhpháirt agus eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ioncaim níos lú ná €90,000 in aghaidh na bliana ón gComhairle Ealaíon.
Raon na dámhachtana: €1,000 – €10,000.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Joint purchase scheme in visual art
Closing dates: Friday 5.30 pm, 7 March, 5 September
This assists public bodies and organisations to buy works of art jointly with The Arts Council. The Council may contribute up to 50 percent of the purchase price. The work(s) of art must be displayed by the partner organisation in a place frequented by the public.
Awards range: n/a.
Ask for information sheet/application form.

Loans from the Arts Council's collection
Closing date: ongoing
This enables certain organisations to borrow works of art from the Arts Council's collection for periods of up to two years. The aims are to ensure that the maximum number of people have access to this extensive collection of contemporary Irish art and to encourage organisations to start their own collections. Eligible applicants are schools, hospitals, state-sponsored bodies, local authorities, public galleries and other public institutions and organisations approved by the Council.

For further information contact:
Helena Gorey, Collection Executive,
The Visual Arts Department,
The Arts Council, 70 Merrion Square, Dublin 2.
Telephone: (01) 6180233 or 1850 392492.
Fax: (01) 6761302.

Awards supported by or run in partnership with other agencies
Visual artists-in-prisons scheme
See 'Arts in Contexts' on page 52

An scéim comhcheannaigh san fhísealaín
Dátaí dúnta: Dé hAoine 5.30 i.n., 7 Márta, 5 Meán Fómhair
Leis an scéim seo, cuidítear le comhlachtaí poiblí saothair ealaíne a cheannach i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon. Féadfaidh an Chomhairle suas le 50 faoin gcéad den phraghas ceannaigh a thabhairt. Ní mór don eagraíocht chomhpháirtíochta an saothar/na saothair a chur ar taispeáint in áit a mbíonn an pobal.
Raon na dámhachtana: Ní bhaineann.
Lorg bileog faisnéise/foirm iarratais.

Iasachtaí as bailiúchán na Comhairle Ealaíon
Dáta dúnta: leanúnach
Leis seo, cuirtear ar chumas eagraíochtaí áirithe saothair ealaíne a fháil ar iasacht as bailiúchán na Comhairle Ealaíon go ceann tréimhsí suas le dhá bhliain. Is í an aidhm ná a chinntiú go mbeidh rochtain ag an méid is mó daoine agus is féidir ar an mbailiúchán leathan seo d'ealaín chomhaimseartha na hÉireann agus eagraíochtaí a spreagadh chun a mbailiúcháin féin a thosnú.
Ar na forais atá cáilithe, tá scoileanna, ospidéil, comhlachtaí stát-tionscanta, údaráis áitiúla, dánlanna poiblí agus forais agus eagraíochtaí poiblí eile a bheidh ceadaithe ag an gComhairle Ealaíon.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le:
Helena Gorey, Feidhmeannach Bailiúcháin,
An Rannóg Físealaíon,
An Chomhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.
Guthán: (01) 618 0233 nó 1850 392492.
Faics: (01) 676 1302.

Dámhachtainí a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile nó a ritear i gcomhar leo
Scéim na bhfísealaíontóirí i bpríosúin Féach 'Ealaíona i gComhthéacsanna', ar leathanach 52.

Dátaí Dúnta **2003**

Cnuais	Leantach
Dámhachtainí Taistil	Leantach
Forbairt agus oiliúint ghairmiúil - cuid a dó (gearrchúrsaí neamhfhoirmeálta, taithí oibre, oideas srl.)	Leantach
Iasachtaí ó bhailiúchán na Comhairle Ealaíon	Leantach
Scéim an ealaíontóra sa phobal	31 Eanair, 20 Meitheamh
Dámhachtainí na bhféilte ealaíne beaga)	14 Feabhra
Sparánachtaí	21 Feabhra
Scéim teideal-ar-theideal	21 Feabhra, 5 Meán Fómhair
Cónaitheachtaí Banff	28 Feabhra
Dámhachtain snagcheoil Skidmore	28 Feabhra
Comhaltas PS1, Nua Eabhrac	28 Feabhra
Cónaitheachtaí	7 Márta
Scéim um fhoilsiú agus taifeadadh ceoil	7 Márta
Scéim chomhcheannaigh sna físealaíona	7 Márta, 5 Meán Fómhair
Scéim oidis Idirnáisiúnta do stiúrthóirí	14 Márta
Sparánacht i gcoimeadaíocht físealaíon chomhaimseartha	21 Márta
Dámhachtain George Campbell	21 Márta
Dámhachtain Mary Farl Powers do dhéantóirí priontaí	21 Márta
Coimisiúin	11 Aibréan (do choimisiúin a bheidh ar siúl i 2003) 28 Samhain (do choimisiúin a bheidh ar siúl i 2004)
Scéim chúnaimh do thaispeántais san ailtireacht	25 Aibreán
Scéim chúnaimh d'fhoilseacháin san ailtireacht	25 Aibreán
Scéim chúnaimh d'fhoilseacháin sa rince	25 Aibreán
Scéim chúnaimh do thaispeántais sna físealaíona	25 Aibreán
Dámhachtainí machnaimh chritice	25 Aibreán
Scéim ríchíosanna údair	25 Aibreán
Forbairt agus oiliúint ghairmiúil - cuid a haon (cúrsaí foirmeálta agus iarchéime, ag tosú i mí Meán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2003)	2 Bealtaine
Scéim chúnaimh d'fhoilseacháin sna físealaíona	9 Bealtaine
Dámhachtain Lar Cassidy	16 Bealtaine
Tionscadail (a bheidh ar siúl i 2004)	15 Lúnasa
Scéim na scríbhneoirí sna príosúin	An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Scéim na scríbhneoirí sa phobal	Scríbhneoirí na hÉireann
Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna	Éigse Éireann
Scéim na bhfísealaíontóirí sna príosúin	An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Dámhachtainí chreata	Bord Scannán na hÉireann/Irish Film Board

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 6180200
f +353 1 6761302
Callsave 1850 392492

e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie

the arts council
an chomhairle ealaíon

The Arts Council is the Irish government agency for developing the arts
An Chomhairle Ealaíon – foras forbartha na n-ealaíon á tacú ag Rialtas Éireann